Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL
(300 marc)

PÁIPÉAR SAMPLACH

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá ar iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) Ba dhaonlathas í an Aithin, áit ar shocraigh na saoránaigh gach gnó tábhachtach sa Chomhthionól.

Dar leat, ar chabhraigh an cineál sin rialtais leis na hAithnigh agus iad i mbun cogaíochta in aghaidh Sparta agus a comhghuaillithe nó ar chuir sé bac orthu? Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar an ról a d'imir Alcaibiaidéas, an státaire agus an ginearál Aithneach, i gCogadh na Peilipinéise. (35)

(b) An bhfuil meas agat ar Alcaibiaidéas nó nach bhfuil? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Tharla Cath Amphipolis in 422 R.Ch.

(a) Tabhair cuntas ar an gcath. (35)

(b) Conas a chuaigh toradh an chatha i gcion ar chúrsa an chogaidh? (15)

(iv) "Ní píosa scríbhneoireachta é mo shaothar atá ceaptha chun freastal ar spéis phobal an lae ach rinneadh é chun go mairfeadh sé go brách." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

Cad iad na cáilíochtaí a rinne staraí mór de Thúicídidéas, dar leat?
Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

Topaic 2. Alastar Mór.

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí ba chúis le bás Fiolótas agus le bás Phairméinión. (30)

(b) An dóigh leat go raibh bású Fiolótas cóir? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) Tabhair cuntas ar Chath Ghágaiméala faoi na ceannteidil seo a leanas:

Ullmhúcháin Alastair agus Dáirias don chath;
Cúrsa an chatha;
Na torthaí a bhain le bua Alastair dá fheachtas chun an Impireacht Pheirseach a ghabháil. (50)

(iii) (a) Dar leat, cén fáth ar chinn Alastar ar Fhásach na Geadróisia a thrasnú? (15)

(b) An aontaíonn tú gurbh é trasnú Fhásach na Geadróisia an tubaiste ba mhó le linn ghníomhréim Alastair? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (35)

(iv) "... agus mar sin chuir sé fios ar Arastatail." (Platón, *Beatha Alastair*)

(a) De réir Phlútairc, cén fáth ar chuir Pilib oideachas a mhic Alastar faoi chúram Arastatail? (10)

(b) De réir Phlútairc, cén tionchar a d'imir Arastatail ar Alastar? (20)

(c) Cén fhianaise atá ann gur lean Alastar dá spéis san fhealsúnacht ar feadh a shaoil? (20)

Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) Tabhair cuntas ar an ról a d'imir Publius Clodius i ngnóthaí na Poblachta Déanaí. (50)

(ii) Sa sliocht as *Conas na Cinntí Cearta a Dhéanamh*, fiafraíonn Cicearó ar cheart go dtiocfadh fear amháin i dtír ar a bhfuil caillte ag fear eile.

(a) Taispeáin conas a úsáideann Cicearó samplaí sonracha chun an cheist seo a phlé. (40)

(b) An aontaíonn tú le breithiúnas Chicearó sna samplaí sin? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iii) (a) Dar le Sallaistias in *Ardréim agus Meath na Róimhe*, cén fáth gur ar na huaisle ba mhó a bhí an locht i ngeall ar mheath na Roimhe? (35)

(b) Sa sliocht céanna, cén fáth a gcuireann Sallaistias locht ar leith ar an deachtóir Sulla as an bhfás ar an bhforéigean agus ar an tsaint? (15)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar laethanta deiridh Chicearó tar éis a eisreachtaithe ag Marcas Antaine. (35)

(b) Luaigh cúiseanna a raibh fuath ag Marcas Antaine do Chicearó. (15)

Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Tabhair cuntas ar bheatha agus ar bhás Iúilia, an t-aon iníon a bhí ag an Impire Ágastas. (35)

(b) Cad a cheapann tú faoin gcaoi ar chaith Ágastas lena iníon Iúilia? Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

(ii) Tugann beathaisnéis Thibir le Tacatas cuntas cruinn ar a réimeas, ach idirmhíníonn sé na himeachtaí sin chun an léiriú is measa ab fhéidir a thabhairt ar Thibir.
Pléigh an ráiteas seo. Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar thurnamh agus ar bhás Messalina, bean chéile an Impire Cláidias. (40)

(b) Déan trácht ar iompar Chláidias an uair a fuair Messalina bás. (10)

(iv) Bhí an fealsamh Seinice ag feidhmiú mar oide don Impire Néaró.

(a) Tabhair breac-chuntas ar ghníomhréim Sheinice le linn réimeas Néaró. (30)

(b) "Ba mhall agus b'fhadálach an bás a fuair Seinice." (Tacatas, *Annála*)
De réir Thacatas, cén chaoi a bhfuair Seinice bás? (20)

GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Sa dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas, léirítear Séas go soiléir mar an bithiúnach. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Déan tagairt don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) (a) Sa dráma *Froganna*, cad is dóigh leat den chaoi a léiríonn Aristophanes Dinísias? (25)

(b) Pléigh ról Xanthias, sclábhaí Dinísias, sa dráma *Froganna* le Aristophanes. (25)

(iii) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, sa chéad aighneas a bhí eatarthu cuireann Méidé míbhuíochas, móideanna briste, a tréigean féin agus tréigean a bpáistí i leith Iasón.

(a) Conas a chosnaíonn Iasón é féin ar na cúisimh sin? (35)

(b) Tar éis duit an radharc seo a léamh, cad is dóigh leat den dearcadh atá ag Iasón ar na mná? (15)

(iv) Pléigh ról agus carachtar Iocasta sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (50)

Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) San *Odaisé* le Hóiméar cuirtear pionós uafásach ar na Suirígh agus ar na searbhóntaí mná mídhílse i ngeall ar a gcoireanna.
An dóigh leat gur thuill siad pionós dá leithéid? Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) Cuir an ról a imríonn mac Odaiséas, Telemachus, san *Odaisé* le Hóiméar i gcomparáid le ról mhac Aeinéas, Ascanius, san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iii) Cé gur namhaid gan trócaire le hAeinéas í Iúnó, tá cairde aige i measc na ndéithe.
Pléigh an ról a imríonn na déithe san *Aeinéid* le Veirgil i bhfianaise an ráitis seo. (50)

(iv) Cuir stádas na mban sa *Táin* i gcomparáid le stádas na mban san *Odaisé* **nó** san *Aeinéid*. (50)

Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) Bunaithe ar a bhfuil léite agat de na dánta le Proipeirtias ar do chúrsa, cén tuairim a fuair tú de

(a) mar fhear

(b) mar leannán. (25, 25)

(ii) (a) Déan achoimre ar an scéal faoi Oirféas agus Eoraidícé mar a insíonn Veirgil é. (30)

(b) Conas a d'éirigh le Veirgil an scéal a dhéanamh drámata agus corraitheach? (20)

(iii) (a) Sna dánta le Horáit ar do chúrsa, cén dearcadh atá aige ar an mbás agus ar ghiorracht an tsaoil? (35)

(b) Cén difríocht atá idir dearcadh Horáit ar an mbás agus dearcadh Phroipeirtias ar an mbás? (15)

(iv) (a) Sa sliocht *Na Rómhánaigh Cloíte ag Hannibal ag Cannae*, cén cur síos a dhéanann Livias ar iompar na beirte consal Terentius Varro agus Aemilius Paulus? (30)

(b) Mínigh cén fáth ar éirigh chomh maith sin le beartaíocht Hannibal i gCath Channae. (20)

GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** vása as an tSean-Aithin.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar vása den chruth seo? (5)

(b) Cén cuspóir a bhí ag vásaí dá leithéid? (10)

(c) Déan trácht ar an radharc agus ar an maisiúchán ar an vása. (15)

(d) Mínigh go hachomair conas a cuireadh an maisiúchán ar vásaí le fíoracha dubha. (20)

(ii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht a léirítear i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an fhíor a léirítear. Cérbh é dealbhóir na deilbhe seo? (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá ina n-eiseamláir thipiciúil den tréimhse sin? (30)

(iii) (a) Sainaithin an dealbhóireacht a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén cuspóir a bhí ag an dealbhóireacht seo agus cá raibh sí suite? (10)

(c) Déan cur síos achomair ar an teampall ina raibh an dealbhóireacht seo suite. (15)

(d) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** an plean de theampall Dórach Shéas in Akragas (Agrigentum).

(a) Déan cur síos ar na gnéithe tipiciúla den ord Dórach. (20)

(b) Déan cur síos ar an teampall i bh**Fótagraf D** agus mínigh cén fáth a bhfuil sé chomh neamhghnách sin. (25)

(c) Cén tréimhse den ailtireacht Ghréagach lena mbaineann sé? (5)

Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar dhearcadh Shócraitéas ar an saibhreas agus ar an mbochtaineacht sa *Phoblacht* le Platón. (35)

(b) Cén fáth a n-áitíonn Sócraitéas nár cheart do na Gardaí maoin phríobháideach ar bith a bheith acu? (15)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar Fháthscéal na hUaimhe sa *Phoblacht* le Platón. (20)

(b) Mínigh cad is ciall leis an bhfáthscéal. (20)

(c) An aontaíonn tú go gcuireann an fáthscéal dearcadh Phlatón i láthair go héifeachtach? Luaigh cúis le do fhreagra. (10)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar dhearcadh Shócraitéas ar ról na mban ina stát idéalach sa *Phoblacht* le Platón. (25)

(b) Conas a chosnaíonn Sócraitéas a dhearcadh ar ról na mban? (25)

(iv) Ar mhaith leat bheith i do chónaí sa tsochaí idéalach a léirítear sa *Phoblacht* le Platón? Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Déan staidéar ar an bplean de Phalmyra i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Sainaithin na gnéithe atá marcáilte **B, C, D, E, F**. (15)

(b) Déan cur síos ar ar thug Mortimer Wheeler "na gnéithe oirthearacha" den chathair ársa. (15)

(c) "Tá Mór-Theampall Bhel go hard os cionn an radhairc." (Wheeler) Déan cur síos achomair ar an teampall agus ar a chlós. (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** an taobh istigh den Phaintéón sa Róimh.

(a) Ainmnigh an t-impire a bhí freagrach as an teampall a thógáil. (5)

(b) Déan cur síos ar an taobh amuigh den teampall. (15)

(c) An aontaíonn tú le Wheeler nuair a deir sé, "Mar thaobh istigh níl sárú an Phaintéóin le fáil"? Mínigh do fhreagra. (30)

(iii) (a) Sainaithin an séadchomhartha a léirítear i bh**Fótagraf G** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cad atá á chomóradh leis an séadchomhartha seo? (5)

(c) "Oibríonn coinbhinsiún aisteach na 'stíle leanúnaí'." (Wheeler)
Cén rud í an 'stíl leanúnach' agus, de réir Wheeler, conas a oibríonn sí? (25)

(d) "Tá gach peirspictíocht ina cíor thuathail." (Wheeler) Déan trácht ar an gcaoi ar chaith an dealbhóir leis an bpeirspictíocht agus an séadchomhartha seo á shnoí aige. (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** múrphéintéireacht as Poimpé.

(a) Cén stíl de phéintéireacht Phoimpé lena mbaineann an pictiúr seo? (5)

(b) Déan cur síos ar ghnéithe na stíle seo péintéireachta atá le feiceáil sa phictiúr seo. (30)

(c) Dar leat, cén fáth ar chuir na Rómhánaigh pictiúir dá leithéid á bpéinteáil ar a gcuid ballaí? (5)

(d) Ainmnigh péintéireacht amháin eile ar do chúrsa a thaitin leat agus luaigh cúiseanna le do rogha. (10)

Leathanach Bán

Leathanach Bán